An Coimisiún Eorpach

# AN TSEACHTAIN EORPACH UM SCILEANNA GAIRME

## **2018** I Foireann uirlisí cumarsáide

#DiscoverYourTalent

Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

# Céard faoi an feachtas?

Is tionscnamh bliantúil é an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme atá á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach chun aird a tharraingt ar fheasacht agus ar mhealltacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET). Is é atá mar aidhm leis an tSeachtain VET a dhéanamh níos mealltaí trí mheascán d'imeachtaí atá á reáchtáil ar fud na hEorpa - go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta. Tá sé mar aidhm leis an tseachtain léargas a thabhairt ar na deiseanna iontacha a d'fhéadfadh VET a chruthú do dhaoine óga, aosaigh, agus cuideachtaí.

Reáchtáiltear an tSeachtain idir an 5 agus 9 Samhain 2018 sa 28 Ballstát, LEE agus tíortha is iarrthóir AE. Is féidir gníomhaíochtaí a eagraítear idir Meán Fómhair agus Nollaig 2018 a lua leis an tSeachtain seo.

Is é mana an tionscnaimh "Tabhair do thallann chun solais!" Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh a thaispeáint go bhfuil tallann ag gach duine agus gur féidir le VET na scileanna praiticiúla, an t-eolas agus na hinniúlachtaí riachtanacha a chur ar fáil lena chinntiú go n-éireoidh le daoine sa mhargadh saothair agus sa tsochaí trí chéile.

# Conas an fhoireann uirlisí seo a úsáid

Is acmhainn phraiticiúil í an fhoireann uirlisí cumarsáide seo chun cabhrú leat eolas faoin tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme a roinnt le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal trí chéile ar fud na hEorpa.

Trí úsáid a bhaint as na hábhair atá leagtha amach san fhoireann uirlisí seo, féadfaidh tú na buntáistí agus na deiseanna a bhaineann le VET a chur in iúl go soiléir.

Féadfaidh tú cur leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme má tá tú i measc an ghrúpa thíos, nó má dhéanann tú ionadaíocht ar bhaill den ghrúpa seo:

- Foghlaimeoir VET, nó múinteoir nó oiliúnóir
- Cumann óige nó foghlaimeoirí
- Soláthraí gairmoideachais agus gairmoilúna
- Eagraíocht don fhoghlaim aosach
- Gnó nó cuideachta lena n-áirítear FBM
- Seirbhís fostaíochta poiblí nó príobháideach
- Taighdeoir
- Comhairleoir gairme
- Cumainn tuismitheoirí
- Údarás áitiúil/réigiúnach/náisiúnta
- Comhpháirtithe sóisialta
- Grúpa eile a bhfuil spéis aige in VET

## Cuspóirí na Seachtaine

Tá sé mar aidhm leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme:

- Na deiseanna iomadúla a d'fhéadfadh VET a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'aosaigh chun "a dtallanna a thabhairt chun solais" trí thairiscintí VET ar ardchaighdeán a chur i láthair;
- An poitéinseal agus na buntáistí suntasacha a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh in acmhainní daonna trí scileanna tosaigh a sholáthar do dhaoine óga

agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a sholáthar do dhaoine fásta a chur ina luí ar chuideachtaí;
- Feasacht maidir leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme a fhorbairt, ag cur leis an rath a bhí ar fheachtais 2016 agus 2017.

### PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ AGUS CONAS IAD A ÚSÁID

Anseo gheobhaidh tú na príomhtheachtaireachtaí atá le cur in iúl maidir leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme. Tá manaí sonracha breise ann freisin atá deartha chun aird roinnt spriocghrúpaí a tharraingt ar an tionscnamh.

Is éard atá sna teachtaireachtaí seo an méid is mian linn a insint do dhaoine faoi VET i mbeagán focal. Féadfaidh tú na príomhtheachtaireachtaí a úsáid mar ábhar inspioráide nuair atá tú ag machnamh faoi gcineál imeachta ba cheart duit a eagrú, nuair atá d'imeacht nó an tSeachtain á cur chun cinn agat, nuair atá cur i láthair á ullmhú agat, nuair atá postálacha meán sóisialta á scríobh agat etc.

Trí úsáid a bhaint as na príomhtheachtaireachtaí is féidir cur leis an tionchar a bheidh ag an tSeachtain agus le VET a chur chun cinn trasna na hEorpa. Má tá ár dteachtaireachtaí ag teacht salach ar a chéile, ní bheidh tionchar ar bith againn, agus cabhraíonn príomhtheachtaireachtaí lena chinntiú go bhfuil an feachtas ag labhairt d'aon ghuth:

- Tá tallann ag gach duine.  Is cuma más go ceilte nó go follasach a dhéanann tú é, lig don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint duit do thallann féin a aimsiú;
- Is conair é an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint ar féidir leat a bheith bródúil aisti, agus a leanúint, agus fios agat go rachaidh sé chun tairbhe do thodhchaí;
- Is rogha chliste é an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, rogha a mbaineann spraoi léi, agus a mbíonn poist ardchaighdeáin agus infhostaitheacht mhéadaithe mar thoradh uirthi;
- Tá deiseanna gairmoiliúna iontacha ann a ullmhaíonn tú do ghairmeacha suimiúla agus dúshlánacha, agus do rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí;
- Ní bhíonn sé riamh rómhall, is rogha tharraingteach é an gairmoideachas do dhaoine is cuma cén aois iad agus tá foghlaimeoirí aosaigh as ar fud na hEorpa agus an chuid eile den domhan i mbun cúrsaí gairme chomh maith;
- Bíonn infhostaitheacht mhéadaithe, forbairt phearsanta agus cuimsiú sóisialta níos fearr mar thoradh ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil;
- Soláthraíonn gairmoideachas agus gairmoiliúint scileanna d'fhoghlaimeoirí atá ag teacht le riachtanais fostóirí agus cuideachtaí;
- Is ionann infheistíocht a dhéanamh in oiliúint ghairmoideachais agus infheistíocht a dhéanamh in acmhainní daonna ar ardchaighdeán don am i láthair agus don todhchaí.

## Conas a bheith páirteach

Má ghlacann eagraíochtaí, cuideachtaí agus daoine páirt ghníomhach san fheachtas éireoidh go breá le Seachtain Eorpach um Scileanna Gairme 2018. Má tá tú páirteach in VET in 28 Ballstát an AE, LEE agus tíortha iarrthóirí AE agus más mian leat cur le próifíl VET, tá go leor bealaí ann inar féidir leat tacú leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme.

## FREASTAIL AR IMEACHT NÓ GLAC PÁIRT I NGNÍOMHAÍOCHT

Féadfaidh tú freastal ar cheann de na himeachtaí iomadúla atá á reáchtáil mar chuid den tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme. Tá réimse leathan imeachtaí á réachtáil ar fud na hEorpa, agus níos faide ó bhaile. Áirítear ina measc seo laethanta gairme, aontaí oideachais, ceardlanna agus comhdhálacha, laethanta oscailte, comórtais agus oícheanta eolais á reáchtáil ag cuideachtaí agus ag soláthraithe VET.

Fiú amháin mura bhfuil ar do chumas freastal ar cheann de na himeachtaí, is féidir leat páirt a ghlacadh i roinnt comórtas nó VET a chur chun cinn ar bhealach éigin eile. Is féidir leat na himeachtaí a sheiceáil ar an suíomh gréasáin lena fháil amach an bhfuil gníomhaíocht á pleanáil gar duit.

## EAGRAIGH IMEACHT

Féadfaidh tú d’imeacht nó do ghníomhaíocht féin a eagrú mar chuid den tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme agus féadfaidh tú a bheith páirteach i líonra mór daoine agus eagraíochtaí a bhfuil VET á chur chun cinn acu.

Déanfar imeachtaí agus gníomhaíochtaí atá cláraithe a chomhbhrandáil trí úsáid a bhaint as stíl amhairc na Seachtaine. Beidh rochtain acu ar ábhair fógraíochta agus bainfidh siad tairbhe as próifíl mhéadaithe má áirítear iad ar shuíomh gréasáin na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme.

Féadfaidh tú éagsúlacht mhór imeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú agus cinntigh go bhfuil an ghníomhaíocht a eagraíonn tú ag freastal ar riachtanais d’eagraíochta agus ar na hacmhainní atá ar fáil duit. I measc na ngníomhaíochtaí a d’fhéadfá a eagrú tá laethanta oscailte, turais, seimineáir, ceardlanna, taispeántais, gradaim d’fhostaithe, comórtais agus tráth na gceist. Féadfaidh tú imeacht ar líne a reáchtáil fiú cosúil le comhrá Twitter nó imeacht Facebook Live.

Chun clárú mar chuid den tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme, ní mór go mbeadh na coinníollacha seo á gcomhlíonadh ag d’imeacht:

- Go mbeadh an t-imeacht á reáchtáil roimh (ó Mheán Fómhair ar aghaidh) nó i rith na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme, (agus ag tráth nach déanaí ná deireadh Nollaig 2018);
- Go mbeadh léargas á thabhairt ar a thiomanta is atá tú do bharrfeabhas in VET agus/nó don fhoghlaim aosach;
- Go mbeadh sé mar aidhm leis an imeacht íomhá, mealltacht agus caighdeán VET a fheabhsú;
- Go mbeadh foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara páirteach;
- Más féidir, roinn faisnéis maidir le torthaí dearfacha (e.g. níos mó spéise a bheith á léiriú ag foghlaimeoirí poitéinsiúla i gcláir VET, infhostaitheacht, etc.).

Nuair a bhíonn do ghníomhaíocht pleanáilte agat, is é an chéad chéim eile an Fhoirm Chlárúcháin a líonadh. Déanfar na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí uile a chlárófar a scagadh lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis is gá curtha ar fáil agus go bhfuil an ghníomhaíocht ag teacht le haidhmeanna na Seachtaine. Déanfar teagmháil leat le haghaidh tuilleadh soiléirithe nó le deimhniú gur cuireadh d’imeacht san áireamh ar shuíomh gréasáin na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme.

## Scaip an scéal

### Na meáin shóisialta

Is féidir leat páirt a ghlacadh tríd an tSeachtain a chur chun cinn trí do líonraí agus do chainéil. Beidh bailiúchán mór inneachair ann i ndiaidh na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme lena n-áirítear físeáin, físghrafaicí, bileoga agus grianghraif. Tá na hábhair seo oiriúnach lena gcomhroinnt ag imeachtaí agus trí na meáin shóisialta. Is féidir leat d'inneachar féin a chruthú agus a chomhroinnt chomh maith, cosúil le físeáin, grianghraif agus athfhriotail ó d'imeachtaí agus ó do ghníomhaíochtaí.

Is féidir leat haischlib na Seachtaine #EUVocationalSkills a úsáid, agus d'fhéadfá #DiscoverYourTalent a úsáid leis; nó is féidir leat ár bpróifílí meán sóisialta a chlibeáil ionas go mbeimid ar an eolas maidir le do phostálacha agus go mbeimid in ann cur le próifíl d'eagraíochta trí líonra níos leithne VET ar fud na hEorpa. (Cinntigh go bhfuil reachtaíocht Chóipchirt náisiúnta agus AE á comhlíonadh ag an inneachar a chomhroinneann tú.)

Próifílí meán sóisialta agus haischlibeanna VET an Choimisiúin Eorpaigh:

**Twitter** @EU_social @EuropeanYouthEU #EUVocationalSkills #DiscoverYourTalent

**Facebook** @socialeurope, @EuropeanYouthEU

### Teagmháil a dhéanamh le hiriseoirí

D'fhéadfadh go mbeadh spéis ag na meáin thraidisiúnta san imeacht nó sa ghníomhaíocht atá á reáchtáil agat agus sa mhéid a bheidh le rá agat maidir le VET i gcomhthéacs na seachtaine. Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le hiriseoirí lena fháil amach an bhfuil spéis acu scríobh faoin imeacht atá á reáchtáil agat nó freastal ar an imeacht sin. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh spéis acu in agallamh a dhéanamh le duine éigin ó d'eagraíocht mar gheall ar níos mó spéise a bheith á cur san ábhar de thoradh imeachtaí na Seachtaine.

## Ceisteanna coitianta

### Cathain a reáchtálfar an ghníomhaíocht seo?

Ba cheart go mbeadh imeachtaí agus gníomhaíochtaí á reáchtáil roimh agus i ndiaidh na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme (ó Mheán Fómhair go dtí deireadh Nollaig 2018).

### An bhfuil fóirdheontais ar fáil?

Níl - tá cúnamh comhchineáil á chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach trí imeachtaí a chur chun cinn trí na meáin shóisialta agus trí ábhair phromóisin, cosúil le bileoga agus póstaeir a chur ar fáil, ar féidir leat féin iad a phriontáil do d'imeacht. Beidh ábhair phromóisin cosúil le t-léinte agus pinn ar fáil chomh maith. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar ábhair phromóisin le haghaidh na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme ón 16 Deireadh Fómhair ar aghaidh. Seol r-phost chuig info@vocationalskillsweek.eu más spéis leat ábhair phromóisin a fháil le haghaidh d'imeacht.

### Tá tuilleadh ceisteanna agam, cé leis ar cheart dom teagmháil a dhéanamh?

Féadfaidh tú r-phost a sheoladh chuig deasc chabhrach na Seachtaine ag info@vocationalskillsweek.eu nó glaoigh orainn ar +44 (0)207 444 4264. Táimid ar fáil ar Yammer chomh maith chun do chuid ceisteanna a fhreagairt.

## Acmhainní úsáideacha

Cuireann an Coimisiún Eorpach foireann uirlisí agus ábhair phromóisin a bhaineann leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme ar fáil do chomhpháirtithe agus do pháirtithe leasmhara ar féidir iad a oiriúnú chun tacú le gníomhaíochtaí cumarsáide ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus is féidir gach rud a íoslódáil ón suíomh gréasáin:

- Foireann Uirlisí Cumarsáide
- Treoir maidir le heagrú imeachta, in 24 teanga
- Bileog Réamheolais, in 24 teanga
- Foireann uirlisí meán sóisialta
- Foireann uirlisí caidreamh leis na meáin
- Póstaer, in 24 teanga
- Ábhair chlosamhairc - físeáin agus pictiúir
- Grafaic faisnéise

## Déan teagmháil linn

Táimid sásta cabhrú leat le haon cheist a d'fhéadfadh a bheith agat maidir le do ghníomhaíochtaí feachtais.

**R-phost:** info@vocationalskillsweek.eu

**Teileafón:** +44 (0)207 444 4264

**Yammer:** http://bit.ly/EVSWYammer

**Twitter:** @EU_social @EuropeanYouthEU #EUVocationalSkills #DiscoverYourTalent

**Facebook:** @socialeurope, @EuropeanYouthEU